# An Glór

Nuachtlitir Míosúil Ghlór Uachtar Tíre Aibreán 2011

## Alba Abú!

Tá Glór Uachtar Tíre ag eagrú oíche ghalánta chun ár gcaidreamh lenár gcol ceathrar Ceilteach a cheiliúradh ar an 16ú Aibreán i nDún Eigse, i gCaisleán an Mhuillin, Co an Dúin ag tosú ag 8.00in. Beidh na ticéid ar fáil ag an dhoras ar an oíche ag £6 an duine.

Tosnóidh an oíche le léacht ghairid (i mBéarla) curtha i láthair ag Maolcholaim Scott ag plé na gceangal teangeolaíoch idir an dhá réigiún.

Beidh Gráinne Holland agus a buíon cheoil ar an ardán ag seinm ansin i ndiaidh Maolcholaim.

Cuirfear críóch leis an oíche mhór seo le ceolchoirm ag Doimnic Mac Giolla Bhríde (ó Ghaoth Dobhair) agus Griogair Labhruidh (ó Earra-Gháidheal) a mbeidh ag seinm amhráin ó dlúthdhiosc úr s'acusan, 'Guaillibh a' Chéile'.

Tá dhá thraidisiún amhránaíochta ar an albam a eisíodh in 2010, traidisiún Earra-Gháidheal agus traidisiún Uladh. Baineann Griogair le clann Labhruidh as Baile Chaolais i dtuisceart Earra-Gháidheal a bhfuil cáil an cheoil Ghaelaigh orthu in Albain. Bhuaigh Doimnic Corn Uí Riada ag Oireachtas na Gaeilge, 2009 agus bhí sé ag seinm anseo i nDún Eigse lena chór, Cór Loch Lao, i mí Feabhra na bhliana seo.

Glaoigh ar Emer ag Glór Uachtar Tíre le haghaidh tuilleadh eolais, 028 437 70331.



## Celebrating Scotland!

Glór Uachtar Tíre is organising a night to celebrate links with our Celtic cousins in Scotland on April 16th in The Lodge, Castlewellan, Co Down, commencing at 8.00pm. Tickets £6 at the door.

The night will commence with a short lecture (in English) by MaolCholaim Scott introducing the linguistic ties between the two regions.

This will be followed by a performance by Gráinne Holland and her Band.

The night will conclude with a concert by Doimnic MacGiolla Bhríde and Griogar Labhruidh who will be performing from their recent album, 'Guaillibh a' Chéile'.

The album, released in 2010, presents the traditions of Ulster and Argyll. Griogair belongs to the Labhruidh family of Ballachulish in North Argyll who are renowned musicians in Scotland. Doimnic won the prestigious Corn Uí Riada title in 2009 and performed at the Lodge with his Belfast-based choir, Cór Loch Lao in February this year.

You can phone Emer at Glór Uachtar Tíre, 028 437 70331 for more information about the night.

An Glór Nuachtlitir Míosúil, Ghlór Uachtar Tíre, Feabhra, 2011

# Imeachtaí Éagsúlachta

## Dianchúrsa: 20-21 Bealtaine

Ta Glór Uachtar Tíre ag socrú deireadh seachtaine dírithe ar ranganna Gaeilge le haghaidh gach leibhéal; bun rang, meán rang agus ard rang. Beidh na ranganna ar fad suite i Hillyard House, Caisleán an Mhuilinn agus tosnóidh siad ag 7.00in-9.00in oíche Aoine. Leanfaidh an cúrsa ar aghaidh ó 10.00rn maidin Shathairn go tí 4.00in tráthnóna Dé Sathairn.

Beidh Seán Mac Corraidh, Máire Burns agus Eddie O'Hagan againn mar mhúinteoirí. Beidh £15 an duine mar thaille le haghaidh na deireadh seachtaine ar fad; tá lón san áireamh. Tá lóistín ar fáil i Hillyard House má tá fonn ort stopadh thar oíche agus tá Hillyard House ag cur ráta laghdaithe ar fáil i gcomhar na deireadh seachtaine; seomra is leapa £25 an duine. Glaoigh ar Glór Uachtar Tíre (028 437 70331) má tá fonn ort an cúrsa a fhreatail.

## Cór agus Ranganna Amhránaíochta

Seans gurb eol duit go raibh Doimnic Mac Giolla Bhríde ag seinm anseo le Cór Loch Lao ag seoladh Ghlór Uachtar Tire. Tá Doimnic ina stiúrthóir ag Cór Loch Lao atá bunaithe sa Chultúrlann i mBéal Feirste agus Cór Thaobh a' Leithid ó Ghaoth Dobhair. Thairg Doimnic cór a bhunadh agus a stiúradh anseo i gCaisleán an Mhuilinn agus ranganna amhránaíochta a chur ar fáil le haghaidh daoine óga agus daoine fásta. Má tá fonn ort a bheith páirteach sna imeachtaí siud déan teagmháil le Glór Uachtar Tíre ar 028 437 70331.

## Ciorcal Comhrá

Beidh ciorcal comhrá ar súil uair sa mhí I dtithe tábhairne éagsúla. Tósnoidh sé ar an 4ú Bealtaine sa Mhaghera Inn, an Machaire. Beidh muid ag bualadh le chéile ag 8.00. Beidh fáilte roimh chuile duine. Déan teagmháil le Glór Uachtar Tíre chun cead cainte a bheith agat ar an chéad ionad eile!

## Raidió an Phobail

Tá Down Community Radio (105.0 fm) ag craoladh arís i ndiaidh seal beag ciúnais, nuair a togadh campas úr SERC. Bhí seoladh acu ar Lá Fheile Padraig agus tá pleanna go gcraolfar cláir trí mhean na Gaeilge chomh maith le roinnt cláir suimiúila eile. Beidh clár i nGaeilge 'Cúl Ceol' ar an aer gach Céadaoin ó 9.00rn-11.00rn. Déan teagmháil linn i nGlór Uachtar Tíre (028 437 70331) nó le SERC (028 4461 5815 ) má tá fonn ort a bheith páirteach.

## Comhgairdeas do Mheanscoil Naomh Maológ

Chinn an t-Aire Oideachais soláthar iar bhun-scolaíochta trí Ghaeilge a cheadú i nArdscoil Naomh Maolmhaodhóg i gCaisleán an Mhuilinn. Ba mhaith le Glór Uachtar Tíre comhghairdeas a ghabháil le Gobharnóirí, le Príomhoide agus le foireann Ardscoil Naomh Maolmhaodhóg as an saothar a rinne siad le hullmhú don soláthar lán-Ghaeilge.

## Oscailt Oifigiúil na Bunscoile

Bhí foireann, daltaí agus tuismitheoirí Bhunscoil Bheanna Boirce ag ceiliúradh an fhoirgnimh ghalánta, úr ata acu i cCaisleán an Mhuilinn nuair a d'oscail an tAire Oideachais é i mi Márta.

# Bits and Pieces

## Intensive Irish Language Course: 20th-21st May

Glór Uachtar Tíre is organising a weekend of Irish language classes pitched for all levels: beginners, intermediate and advanced classes. All the classes will be held in Hillyard House, Castlewellan commencing at 7.00pm-9.00pm on Friday night. The course will continue on Saturday morning from 10.00am. It will end at 4.00pm on Saturday afternoon.

We will have Seán Mac Corraidh, Máire Burns and Eddie O'Hagan teaching each group in turns. The course will cost £15 person person for the entire weekend which includes lunch on Saturday. Hillyard House are offering accomodation at a reduced rate for those attending the course; £25 bed and breakfast person per night. Contact Glór Uachtar Tíre (028 437 70331) if you wish to attend the course.

## A Choir and Singing Classes

You may be aware that Doimnic Mac Giolla Bhríde performed here with Cór Loch Lao at Glór Uachtar Tíre's launch. Doimnic is the Director of Cór Loch Lao, which is based in the Cultúrlann in Belfast. He also directs Cór Thaobh a' Leithid, based in Gaoth Dobhair. Doimnic has offered to establish and direct a choir in Castlewellan and he has offered to run weekly singing classes for adults and children. If you are interested in being involved in any of these initiatives please contact Glór Uachtar Tíre on 028 437 70331.

## Conversation Circle

A conversation circle will run once a month. It will be held in a in a variety of local public houses. The circle will kick off on May 4th in the Maghera Inn, Maghera. We will meet up at 8.00pm. Everyone is always welcome. Contact Glór Uachtar Tíre to have your say for the next month's venue!

## Community Radio

After a short interlude of silence, when the new SERC campus was being built, Down Community Radio (105.0fm) is broadcasting once again. Its launch was held on St Patrick's Day and there are plans afoot to broadcast in Irish as well as a selection of other very interesting programmes. An Irish Language Programme, 'Cúl Ceol' will be broadcast every Wednesday 9.00am-11.00am. Contact us in Glór Uachtar Tíre (028 437 70331) or SERC (028 4461 5815) if you are interested in being involved.

.

## Congratulations to St Malachy's

The Minister for Education has decided to establish post-primary Irish medium provision in St Malachy's High School in Castlewellan. Glór Uachtar Tíre wishes to congratulate the Board of Governors, the Principle and the school's staff for the work which they undertook to secure the Irish meduim provision.

## Primary School's Official

Bunscoil Bheanna Boirce's staff, students and parents celebrated their lovely new building in March when it was officially opened by the Minister of Education.

# An Glór Nuachtlitir Míosúil, Ghlór Uachtar Tíre, Feabhra, 2011

## An Seoladh

Go raibh míle maith agaibh do chuile duine a bhí páirteach i seoladh Ghlór Uachtar Tíre; bhí lá den chéad scóth againn. Seo leanas buaiteoirí an chomórtas lógó: Tiarna Campbell (16 bln, Coláiste na Séimhne ), Louise Rooney (12 bln, Coláiste na Séimhne) agus Dylan Cole (8 bln, Bunscoil Bheanna Boirce). Tá buíochas mór, speisialta ag Glór Uachtar Tíre do Chomhaltas Ceoltoirí Éireann, Caisleán Nua, as a gcuid cuidiú ar an lá.

## The Launch

Thanks to all of you who participated in Glór Uachtar Tíre's Launch; it was a great success.
The winners of the Logo competition were: Tiarna Campbell (16 yrs, Shimna College), Louise Rooney (12 yrs, Shimna College) and Dylan Cole (8 yrs Bunscoil Bheanna Boirce). A special thanks goes to Comhaltas Ceoltoirí Éireann , Newcastle, for all their help with the day.

*Imeachtaí ón sheoladh Ghlór Uachtar Tíre / Some events which took place during Glór Uachtar Tíre's Launch*

## Cuir tú féin ar an eolas agus cuir ar an eolas muid!

Ar mhaith leat an nuachtlitir seo a fháil sa phost saor in aisce? Ba bhreá le Glór Uachtar Tíre á sheoladh duit. Déan teagmháil linn ar 028 437 70331 nó ar gloruachtartire@hotmail.co.uk.

Is eagraíocht an phobail neambhrabhúis é Glór Uachtar Tíre. Tá fonn orainn bhur gcuid smaointeadh a chloisteáil. Má tá abhair agat gur mhaith leat a bheith curtha ar chlár míosúil coiste Ghlór Uachtar Tíre is féidir leat glaoigh orainn ar 028 437 70331 nó ríómhphost a thabhbairt dúinn ar gloruachtartire@hotmail.co.uk.

## Keep posted and Keep us Posted!

Do you want this nuachtlitir by post free of charge? Glór Uachtar Tíre would be delighted to post it to you. Contact us on 028 437 70331 or gloruachtartire@hotmail.co.uk.

Glór Uachtar Tíre is a non-profit, community organisation. We are keen to hear your ideas. If you would like to have an issue placed on the agenda of Glór Uachtar Tíre's monthly Committee Meetings either phone us on 028 437 70331 or email us at gloruachtartire@hotmail.co.uk.

**Glór Uachtar Tíre**
**Dún Eigse / The Lodge**
**1, Bóthar Bhaile Átha Cliath / 1, Dublin Rd**
**Caisleán an Mhuilinn / Castlewellan**
**BT31 9AG**
**Fón / Tel: 028 437 70331**
**gloruachtartire@hotmail.co.uk**

*Urraithe ag*
Foras na Gaeilge